



# An Coimisiún um Achomhairc Chánach Ráiteas Straitéise 2021-2023

## Réamhrá an Chathaoirligh

Foilsítear an Ráiteas Straitéise seo tráth a bhfuil éiginnteacht nach bhfacthas riamh cheana agus Éire fós ag teacht chuici féin ó phaindéim Covid-19. Leagtar amach sa Ráiteas misean agus luach an Choimisiúin um Achomhairc Chánach. Tá na tosaíochtaí corparáideacha frámaithe chun a chinntiú go dtacaíonn siad leis an misean agus lena bhunluachanna.

Tá an Coimisiún um Achomhairc Chánach tar éis oiriúnú go maith do na hathruithe a thug an phaindéim isteach agus leanfaidh sé air ag oiriúnú agus ag glacadh leis na cúinsí athraithe seo tar éis an chuid is measa den phaindéim a bheith réitithe.

Chruthaigh paindéim Covid-19 ardán tástála brostaithe don nuálaíocht dhigiteach agus do chleachtais oibre solúbtha. Cuirfidh an Coimisiún leis an nuálaíocht dhigiteach sin agus tá sé i gceist aige líon méadaithe éisteachtaí digiteacha a reáchtáil le doiciméid chomhroinnte dhigiteacha. Cabhróidh córas nua bainistithe cásanna agus róbataic leis an éifeachtúlacht. Tá ualach cásanna na gCoimisinéirí á leasú ag an gCoimisiún freisin chun a chinntiú go ndéantar clúdach níos mó ar bhonn na gcásanna achomhairc.

Oibreoidh an Coimisiún i dtreo éifeachtúlacht agus trédhearcacht níos mó ina nósanna imeachta maidir lena threoracha cleachtais agus lena bheartas sceidealaithe.

Déantar a chuid oibre go léir a bhainistiú trína acmhainní daonna agus féachfaidh sé le tacú le bealaí nua solúbtha oibre, a d'oibrigh go héifeachtach le linn na paindéime. Ní bheidh aon fhilleadh ar mhodheolaíocht réamh-Covid i dtaca le gach eagraíocht agus tá an Coimisiún ag glacadh go leanúnach leis an athrú sin inár saol go léir.

Marie-Claire Maney  
Cathaoirleach  
Aibreán 2021

## Ár bhFís

Seirbhís eiseamláireach a thabhairt maidir le próiseáil agus le breithniú achomhairc chánach, trí phróiseas achomhairc éifeachtúil agus inrochtana a sholáthar a chruthóidh corpas cinntí atá iontaofa ó thaobh an dlí agus a chabhróidh le réimsí ábhartha dlí agus reachtaíochta cánachais a shoiléiriú.



## Ár Misean


Próiseas achomhairc nua-aimseartha, neamhspleách agus éifeachtúil a sholáthar maidir le héisteacht agus le breithniú gach achomhairc chánach.



## Ár Luachanna

I gcomhlíonadh a dhualgas, cuireann an Coimisiún béim láidir ar an gceart ar nósanna imeachta cothroma, rochtain chomhionann agus bail chomhionann i ngach gné dá fheidhmeanna agus déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go ndéanfaimid gach gníomhaíocht trí phríosma chearta an duine.

Tá ár gcur chuige maidir lenár gcuid oibre féin agus an chaoi a n-oibrímid lenár gcomhpháirtithe á rialú ag luachanna soiléire:



## Mapa Straitéise

Trí sheirbhís Níos Láidre a thógáil, cinntimid:-



Córas cánach a bhfuil tacaíocht mhaith aige



Lucht úsáidte na seirbhíse a bheith sásta

Chuige sin teastaíonn na tosaíochtaí seo uainn:-



1. Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht inár bpróisis agus inár nósanna imeachta
2. Nuálaíocht Dhigiteach
3. Foireann oilte agus spreagtha
4. Caidreamh fiúntach le páirtithe leasmhara



Mar bhonn agus mar thaca le seachadadh na dtosaíochtaí seo tá:

- Ceannaireacht, rialachas agus pleanáil láidir
- Maoiniú agus foirniú seasmhach agus inbhuanaithe

## Tosaíochtaí & Gníomhartha Straitéiseacha

### Éifeachtúlacht &Éifeachtacht inár bPróisis agus inár Nósanna Imeachta

- Déanfaimid ár n-ualach cásanna a leasú chun a chinntiú go ndéantar clúdach níos mó ar bhonn na gcásanna achomhairc.
- Déanfaimid gníomhú ar an bPlean Athléimneachta agus Téarnaimh maidir le hachomhairc agus le bainistiú cásanna.
- Ceapfaimid ár bPlean Gnó Bliantúil agus déanfaimid monatóireacht rialta air.
- Déanfaimid monatóireacht ar an rialú cáilíochta ar chinntí agus déanfaimid athbhreithniú ar nósanna imeachta foilsithe agus atheagair.
- Eiseoimid cinntí laistigh de na hamlínte a aontaíodh le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.
- Liostóimid cásanna de réir tosaíochtaí atá leagtha síos ag an gCathaoirleach.
- Déanfaimid athbhreithniú ar Threoracha Cleachtais chun éifeachtúlacht mhéadaithe in achomhairc a chinntiú agus chun trédhearacht a chinntiú inár nósanna imeachta.
- Cinnteoimid go mbeidh gach doiciméad rialachais cothrom le dáta agus go ndéanfar athbhreithniú rialta air.
- Leanfaimid orainn ag cosaint sonraí trí bhogearraí, oiliúint, meabhrúcháin rialta agus tuairisciú a chur i bhfeidhm .
- Tabharfaimid faoi iniúchtaí inmheánacha, leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca, le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus cinnteoimid rianú agus cur i bhfeidhm na dtorthaí nuair is cuí.
- Cinnteoimid sláinteachas airgeadais trína chinntiú go bhfuil luach ar airgead ar gach caiteachas agus go mbíonn sé gnódhírthe le torthaí intomhaiste chun leas an Choimisiúin.

### Nuálaíocht Dhigiteach

- Leanfaimid orainn ag infheistiú inár gcumas TF ag cinntiú go ndéanfar éisteachtaí cianda agus comhdhálacha bainistithe cásanna ar bhonn leanúnach.
- Infheisteoimid i gCóras Nua Bainistithe Cásanna chun tacú le digitiú an phróisis achomhairc.
- Tabharfaimid uathobriú isteach inár bpróisis trí bhogearraí róbataice a chur i bhfeidhm chun iarratais nua achomhairc a phróiseáil.
- Déanfaimid feidhmchláir ghnó OGCIÓ choitianta a chomhtháthú; r-Dhoic, r-Chomhfhreagras agus File Cloud chun tacú lenár gcuid próiseas.
- Tabharfaimid bogearraí aitheanta gutha isteach chun tacú le dréachtú cinntí.

## Tosaíochtaí & Gníomhartha Straitéiseacha

### Foireann Oilte & Spreagtha

- Leanfaimid orainn ag tacú agus ag forbairt ár ndaoine chun foireann sholúbtha, ghnóthach, inoiriúnaithe agus spreagtha a thógáil agus a chothú.
- Cuirfimid deiseanna oiliúna agus gairme ar fáil do gach ball foirne.
- Cinnteoidimid rannpháirtíocht na foirne trí chruinnithe agus trí idirghníomhaíocht rialta ag gach leibhéal.
- Leanfaimid orainn ag cur i bhfeidhm an róta agus na prótacail tinrimh ar leibhéal sriantach cuí mar fhreagairt ar Covid-19 agus glacfaimid le cleachtais oibre iar-Covid-19 chun tacú le lucht saothair solúbtha.
- Cinnteoidimid trasoiliúint laistigh dár bhFoireann Tacaíochta Achomhairc chun solúbthacht agus athléimneacht oibríochtúil a mhéadú.

### Caidreamh Fiúntach le Páirtithe Leasmhara

- Rachaimid i dteagmháil le páirtithe leasmhara i gcruinnithe foirmiúla bliantúla agus ar bhonn ad hoc freisin, de réir mar is gá.
- Cuirfimid nósanna imeachta in iúl go soiléir maidir le héisteachtaí agus comhdhálacha bainistithe cásanna le páirtithe leasmhara.
- Cinnteoidimid nuair a fhorbraítear prótacail nua go gcuirtear in iúl iad do na páirtithe leasmhara go léir.
- Cuirfimid le hinneachar leagan amach agus inúsáidteacht ár láithreáin ghréasáin, chun bunachar sonraí acmhainní a chruthú dár bpáirtithe leasmhara.
- Eiseoidimid tuarascáil bhliantúil inrochtana agus fhaisnéiseach gach bliain.